

## Gníomhaíocht Ealaíne

The Ceapadh an acmhainn seo agus í bunaithe ar fhíseán Sheachtain Food Dudes, leibhéal sinsearach, lá 5. Nascann an acmhainn seo leis an gcuraclam Ealaíne le haghaidh grúpaí ranga i Rang a Cúig agus Rang a Sé.

Nascann an ghníomhaíocht seo leis na réimsí curaclaim a leanas:

Ealaíona: Na hAmharcealaíona > Péint agus dath > Péinteáil

Ealaíona: Na hAmharcealaíona > Péint agus dath > Breathnú agus freagairt

### Teachtaireacht an Fhíseáin:

Céard is féidir liom ithe i rith an lae? Is féidir 7 sciar de thorthaí agus glasraí a chur le béilí difriúla go héasca.

### Na Príomhthorthaí Foghlama:

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste i Rang a Cúig agus Rang a Sé...

- ✓ Dath a iniúchadh trí fheidhm a bhaint as raon d'uirlisí líníochta, de mheáin agus de theicníochtaí dathaithe
- ✓ Líníocht bunaithe ar bhreathnóireacht a dhéanamh
- ✓ A bheith íogaireach do dhifríochtaí níos fíneálta datha agus do thoin éagsúla in earraí nádúrtha agus in earraí saothraithe
- ✓ Comhréiteach agus codarsnacht a fhionnachtain in earraí nádúrtha agus in earraí saothraithe agus trí théamaí a roghnaíodh i ngeall ar a bhféidearthachtaí datha
- ✓ Gréas agus rithim a fhionnachtain in earraí nádúrtha agus in earraí saothraithe



## Treoiríníte don Mhúinteoir:

Ag teastáil:

Modh:

- ✓ Taispeáin samplaí de shaothar Roy Lichtenstein d'ábhar neamhbheo do na daltaí ar an gclár bán
- ✓ Más cuí, agus má tá dóthain ama agat, is féidir leat an suíomh seo le roinnt Phop-ealaín o Roy Lichtenstein a thaispeáint do na daltaí : <https://www.moma.org/artists/3542>
- ✓ Iarr ar na daltaí an chaoi a mbaineann Lichtenstein úsáid as dathanna gléineacha agus poncanna Ben Day a mheas
- ✓ Iarr ar na daltaí pictiúr d'ábhar neamhbheo a chruthú i stíl Roy Lichtenstein, ag cinneadh cé na torthaí agus na glasraí ba mhaith leo a úsáid ina bpictiúr

